

J

# Machain go dtí an Chathair

## An Bealach Tosaíochta don Chonair Iompair Inbhuanaithe

An 3ú Babhta de Chomhairliúchán Poiblí Samhain 2023

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040

BUS CONNECTS
CORCAIGH
IOMPAR INBHUANAITHE DO CHATHAIR NÍOS FEARR.



# Clár an Ábhair


| | | |
|---|---|---|
| **1.** | **Réamhrá** | **4** |
| 1.1 | Cad is BusConnects ann? | 4 |
| 1.2 | Cad é an cuspóir atá leis an gcomhairliúchán poiblí seo? | 4 |
| 1.3 | Meabhrú ar a bhfuil i gceist le tionscadal na gConairí Iompair Inbhuanaithe | 6 |
| 1.4 | Cuspóirí na gConairí Iompair Inbhuanaithe | 7 |
| 1.5 | Cad a tharla go dtí seo? | 8 |
| 1.6 | Cad atá sa bhróisiúr seo? | 8 |
| 1.7 | An téarmaíocht a thuiscint | 9 |
| 1.8 | 11 Conairí Iompair Inbhuanaithe | 12 |
| **2.** | **Cad atá ag tarlú le roinnt míonna anuas?** | **14** |
| 2.1 | Dearadh Teicniúil | 14 |
| 2.2 | Iarratas ar Thoiliú Reachtúil | 14 |
| 2.3 | Suirbhéanna Tráchta | 14 |
| 2.4 | Ríocht Uirbeach | 15 |
| 2.5 | Amlíne | 16 |
| **3.** | **Conas is féidir páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán poiblí** | **18** |
| 3.1 | Ceisteanna ginearálta | 18 |
| 3.2 | Conas is féidir ionchur a thabhairt | 18 |
| 3.3 | Cad a tharlóidh anois? | 19 |
| **4.** | **Cur Síos ar an mBealach Tosaíochta** | **20** |
| 4.1 | Forléargas | 20 |
| 4.2 | Oileán Iacóib go dtí an Phríomh-Oifig Staidrimh (POS) | 20 |
| 4.3 | Ionad Siopadóireachta Rinn Mhachan go dtí an Phríomh-Oifig Staidrimh (POS) | 22 |
| 4.4 | POS go Bóthar na Sceiche Airde, Lána na Reilige agus Bóthar an Bhóithrín Mheánaigh | 23 |
| 4.5 | Príomhathruithe ón mBealach Tosaíochta a foilsíodh i mí an Mhárta 2023 | 25 |
| 4.6 | Príomhfhíricí | 25 |
| **5.** | **Aguisíní** | **26** |
| 5.1 | Léarscáileanna Innéacs | 26 |
| 5.2 | Léarscáileanna Bealaigh | 26 |

# 1. Réamhrá

## 1.1 Cad is BusConnects ann?

Is é is BusConnects ann ná an clár atá á reáchtáil ag an Údarás Náisiúnta Iompair (ÚNI) chun feabhas mór a chur ar sheirbhísí bus i gcathair Chorcaí agus i gcathracha eile. Is cuid thábhachtach é de bheartais an Rialtais a bhaineann le feabhas a chur ar iompar poiblí agus le dul i ngleic le fadhb an athraithe aeráide. Tá sé san áireamh sna beartais náisiúnta agus réigiúnacha seo a leanas:

- An Plean Forbartha Náisiúnta 2021 – 2030;
- Straitéis Iompair Mhórcheantar Chorcaí; agus
- Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023.

Tá Cathair Chorcaí ag fás agus teastaíonn líonra bus uaithi ar féidir leis freastal ar chathair atá i mbéal forbartha. Is é an aidhm atá ag BusConnects Chorcaí ná córas feabhsaithe bus a sholáthar a théann chun tairbhe don chathair, dá muintir agus don timpeallacht. Tá BusConnects Chorcaí deartha chun seirbhís bus a bheidh níos fearr, níos iontaofa agus níos éifeachtúla a chur ar fáil do chách, chomh maith le háiseanna sábháilte do rothaithe agus saoráidí feabhsaithe do choisithe a chur ar fáil feadh príomhbhealaí.










## 1.2 Cad é an cuspóir atá leis an gcomhairliúchán poiblí seo?

Is é seo an tríú babhta de chomhairliúchán poiblí neamhreachtúil maidir leis an aon cheann déag de Chonairí Iompair Inbhuanaithe ó reáchtáladh an chéad cheann i mí an Mheithimh 2022. Tá forbairt na gConairí Iompair Inbhuanaithe seo ina cuid lárnach de chlár foriomlán BusConnects Chorcaí agus beidh siad ina gcabhair maidir le féachaint chuige go seasfaidh córas bus Chorcaí an aimsir agus maidir le rothaíocht sa chathair agus sa réigiún a dhéanamh sábháilte agus an limistéar sin ag fás.

Cuireann an comhairliúchán seo deiseanna breise ar fáil don phobal chun athbhreithniú a dhéanamh ar an tsraith leasaithe de dhearaí agus chun aiseolas a thabhairt fúthu.

## Tá 9 ngné i gclár foriomlán BusConnects Chorcaí

**1 Develop a network of new sustainable transport corridors**

**91km de lánaí nua/tosaíochta do bhusanna chun** turais a dhéanamh níos tapúla agus níos iontaofa

**98km de shaoráidí rothaíochta** (treo amháin) lena soláthrófar 49km den líonra rothaíochta

**2 An Líonra Bus a athdhearadh**

**3 Córas ticéadaithe úrscothach**

**4 Córas íocaíochta gan airgead tirim**

**5 Struchtúr níos simplí do tháillí**

**6 Láithreacha nua Páirceála agus Taistil** ag príomhshuíomhanna

**7** Aistriú chuig flít **busanna nua astaíochtaí nialasacha**

**8 Libhré bus nua**

**9 Stadanna agus scáthláin bus nua** le comharthaíocht agus faisnéis atá níos fearr

## 1.3 Meabhrú ar a bhfuil i gceist le tionscadal na gConairí Iompair Inbhuanaithe

Is éard atá i gceist leis na moltaí ná infheistíocht a dhéanamh in aon cheann déag de Chonairí Iompair Inbhuanaithe a mbeidh tosaíocht leanúnach bus acu – go ginearálta, lána bus leanúnach sa dá threo, ach b'fhéidir go n-úsáidfí socruithe eile in áiteanna cúnga. Cuirfidh sé seo deireadh leis an moill atá ar an gcóras bus agus ar a chuid paisinéirí faoi láthair. Nuair a bheidh lánaí ann do bhusanna amháin, nó bearta eile coibhéiseacha, beidh níos mó cinnteachta ag na mílte paisinéirí a thaistealaíonn ar bhusanna maidir leis na hamanna a dtagann agus a imíonn busanna, rud a chinnteoidh go mbeidh seirbhís níos fearr agus níos éifeachtaí ann.

Chomh maith leis sin, tá sé beartaithe againn raonta rothar scartha a chur ar fáil sa dá threo feadh na gconairí seo, agus beidh siad scartha ón trácht ginearálta chomh fada agus is féidir. D'fhéadfadh sé a bheith deacair é seo a bhaint amach in áiteanna áirithe, ach sna háiteanna sin tá sé beartaithe againn raonta rothar ar leataobh ón trácht a chur ar fáil, is é sin go gcuirfear an raon rothar ar mhalairt slí ón gConair Iompair Inbhuanaithe go bóthar níos ciúine nó go raon rothar saintógtha, sula mbuaileann sé leis an gconair arís.

Tá sé tábhachtach gan dearmad a dhéanamh gurb iad na príomhchonairí bus sa chathair atá sna cinn a aithnítear mar Chonairí Iompair Inbhuanaithe. Chomh maith leis na conairí seo, tá líonra athdheartha níos leithne de sheirbhísí bus beartaithe do Chorcaigh agus beidh méadú ar mhinicíocht na mbusanna chomh maith le seirbhísí nua bus mar thoradh air seo. Cuirfear an líonra bus nua i bhfeidhm le linn na bliana 2024/2025 agus is féidir teacht ar na sonraí iomlána faoi seo ar **busconnects.ie**



## 1.4 Cuspóirí na gConairí Iompair Inbhuanaithe

**An córas iompair phoiblí a fheabhsú** ó thaobh cumais agus acmhainneachta de trí iontaofacht agus poncúlacht na mbusanna a fheabhsú trí lánaí bus agus bearta eile a sholáthar chun tús áite a thabhairt do ghluaiseacht na mbusanna thar ghluaiseacht an ghnáth-thráchta;

**An acmhainn le haghaidh rothaíochta a mhéadú** trí bhonneagar sábháilte a sholáthar don rothaíocht, scartha ó thrácht ginearálta áit ar bith a bhfuil sé indéanta;

**Tacú le soláthar seirbhíse iompair phoiblí éifeachtúil, ísealcharbóin agus athléimneach** ó thaobh aeráide de, a chuidíonn le spriocanna laghdaithe astaíochtaí na hÉireann a bhaint amach;

**Fás dlúth, deiseanna athnuachana agus talamhúsáid níos éifeachtaí i gCorcaigh a éascú,** do ghlúin an lae inniu agus do na glúnta atá le teacht, trí líonraí iompair inbhuanaithe atá sábháilte agus éifeachtúil a chur ar fáil;

**Rochtain ar phoist, ar oideachas agus ar dheiseanna sóisialta agus eacnamaíocha** eile a fheabhsú trí nascacht agus comhtháthú inbhuanaithe feabhsaithe le seirbhísí iompair phoiblí eile a sholáthar; agus

**A chinntiú go mbreithneofar go cúramach ar an ríocht phoiblí i ndearadh agus i bhforbairt an bhonneagair iompair** agus féachaint le príomhphointí fócais uirbeacha a fheabhsú nuair is cuí agus nuair is féidir



## 1.5 Cad a tharla go dtí seo?

Reáchtáil an tÚdarás Náisiúnta Iompair (ÚNI) an chéad bhabhta de chomhairliúchán poiblí idir mí an Mheithimh 2022 agus mí Dheireadh Fómhair 2022. Bhain na comhairliúcháin seo le moltaí faoi Bhealach Tosaíochta atá ag Teacht Chun Cinn (BTTCC) an dá cheann déag de Chonairí Iompair Inbhuanaithe i gCorcaigh. Fuaireamar thart ar 3,000 aighneacht san iomlán le linn an chéad bhabhta comhairliúcháin seo. Rinneadh na haighneachtaí seo a athbhreithniú agus a mheas mar chuid den phróiseas deartha le haghaidh Rogha Bealaigh Tosaíochta (RBT) gach conaire. Cuireadh tús leis an dara babhta de chomhairliúchán poiblí maidir le RBT an aon cheann déag de Chonairí Iompair Inbhuanaithe i mí an Mhárta 2023 agus lean sé sin ar aghaidh go dtí an 25 Bealtaine 2023. Fuarthas thart ar 4,300 aighneacht mar chuid den dara babhta de chomhairliúchán poiblí.

Rinneadh na haighneachtaí agus an t-aiseolas a athbhreithniú agus anois tá an tríú babhta de chomhairliúchán poiblí neamhreachtúil ar siúl le linn R4 den bhliain 2023. Cuirfidh sé seo deiseanna breise ar fáil don phobal chun athbhreithniú a dhéanamh ar an tsraith leasaithe de dhearaí agus chun aiseolas a thabhairt fúthu.

## 1.6 Cad atá sa bhróisiúr seo?

Tá an doiciméad seo ar cheann d'aon bhróisiúr déag, agus tá ceann ar leith ann do gach ceann de na Conairí Iompair Inbhuanaithe. Tá cur síos scríofa ar an mBealach Tosaíochta ó thús go deireadh chomh maith le léarscáileanna tacaíochta ar fáil sa doiciméad. Áirítear leis gach leasú a rinneadh, má rinneadh leasú ar bith, ó reáchtáladh an dara babhta de chomhairliúchán poiblí. Tá amlíne ar fáil ann freisin maidir le dul chun cinn an chláir chomh maith le sonraí faoin gcaoi le páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán poiblí. Is féidir breathnú ar na bróisiúir ón gcéad bhabhta agus ón dara babhta de chomhairliúchán ar ár suíomh gréasáin **www.busconnects.ie** agus is féidir iad a íoslódáil ón suíomh sin chomh maith. Tugtar sainmhínithe sa chéad chuid eile den doiciméad ar an téarmaíocht a úsáidtear ann.



# 1.7 An téarmaíocht a thuiscint

## 1. Conair Iompair Inbhuanaithe (STC):

Tá sé beartaithe aon cheann déag de Chonairí Iompair Inbhuanaithe a fhorbairt mar chuid de Chlár foriomlán BusConnects Chorcaí. Is bóthar atá ann cheana féin é Conair Iompair Inbhuanaithe agus ar a dtugtar tosaíocht do bhusanna ionas gur féidir leo feidhmiú ar bhealach atá éifeachtúil, iontaofa agus poncúil. Ciallaíonn sé seo de ghnáth go bhfuil lánaí speisialta lánfhada ann le haghaidh busanna amháin ar an dá thaobh den bhóthar ó thús go deireadh gach conaire nó go bhfuil bearta eile i bhfeidhm chun a chinntiú nach gcuirtear moill ar bhusanna nuair a bhíonn gnáthbhrú tráchta ann. In áiteanna caolaithe, féadtar socruithe eile a úsáid.  Beidh na lánaí bus taobh le lánaí/raonta rothar má tá sé sin indéanta agus beidh siad taobh le lánaí gnáth-thráchta chomh maith.

## 2. Raonta Rothar Scartha:

Is cuid ar leith den bhóthar é raon rothar scartha agus níl cead é a úsáid ach le haghaidh rothaíochta. Bíonn an spás seo scoite go ginearálta ó thrácht feithiclí eile le colbha fisiciúil. Má tá sé indéanta raonta rothar scartha a fhorbairt in áiteanna beidh rogha eile ag rothaithe - bóithre ciúine a úsáid nó bóithre íseal-luais a roinnt leis an ngnáth-thrácht.

## 3. Bealach Tosaíochta atá ag Teacht Chun Cinn (BTTCC):

D'fhoilsigh an ÚNI pleananna tosaigh le haghaidh gach ceann de na Conairí Iompair Inbhuanaithe i bpróiseas comhairliúcháin phoiblí neamhreachtúil i mí an Mheithimh 2022. Tugadh Bealaí Tosaíochta atá ag Teacht Chun Cinn (BTTCC) ar na roghanna sin chun an pobal a chur ar an eolas faoi leagan amach dóchúil na mbóithre nuair a bheidh an bonneagar riachtanach do na Conairí Iompair Inbhuanaithe tógtha. Luadh sna pleananna seo tionchair fhéideartha ar ghairdíní tosaigh, agus athruithe dóchúla ar an gcaoi a n-oibreoidh an trácht chun tosaíocht do bhusanna a éascú.




## 4. Rogha Bealaigh Tosaíochta (RBT):

Rinneadh na moltaí faoi Chonairí Iompair Inbhuanaithe a athbhreithniú agus a leasú tar éis na haighneachtaí ón bpobal maidir leis na BTTCCanna a mheas. Cuireadh i láthair mar an Rogha Bealaigh Tosaíochta (RBT) iad i mí an Mhárta 2023 agus reáchtáladh babhta eile de chomhairliúchán poiblí neamhreachtúil maidir leo.

Rinneadh mionchoigeartú agus forbairt dearaidh bhreise ar na moltaí, agus anois tá siad á gcur i láthair mar na leaganacha is deireanaí de na RBTanna agus reáchtálfar an babhta breise seo de chomhairliúchán poiblí maidir leo.

Ní moltaí deiridh iad agus déanfar iad a mheas tuilleadh tar éis aiseolas a fháil ón tríú babhta seo de chomhairliúchán poiblí, agus ina dhiaidh sin caithfear iad a scrúdú freisin i gcomhthéacs measúnacht tionchair timpeallachta agus forbairt dearaidh.

## 5. Geata Bus

Is é is Geata Bus ann ná lána bus neamhspleách a ngabhann comharthaí leis agus atá ann ar feadh fad gearr. Níl rochtain ar an bhfad gearr bóthair sin ach ag busanna, ag tacsaithe, ag rothaithe agus ag feithiclí éigeandála le linn uaireanta oibre an Gheata Bus. Éascóidh sé tosaíochtaí bus trí thréthrácht ginearálta a bhaint le feadh an bhóthair ar fad, áit a bhfuil an geata bus lonnaithe, agus dá réir sin laghdaítear trácht ar an gcuid ábhartha den bhóthar agus cumasaítear gluaiseacht bhus níos iontaofa`.

Úsáidfear comharthaí chun an trácht ginearálta a threorú ar mhalairt slí amach ar bhóithre eile sula mbaineann siad an geata bus amach.

## 6. Cead Bealaigh Faoi Rialú Soilse Tráchta:

Baineann Cead Bealaigh Faoi Rialú Soilse Tráchta úsáid as soilse tráchta chun tosaíocht a thabhairt do bhusanna thar trácht eile ar lánaí singil de stráicí bóthair, ach níl sé éifeachtach ach le haghaidh achair ghearra. Is iondúil go gcuirtear an socrú seo i bhfeidhm ar stráice bóthair nach féidir lána bus a bheith ann mar gheall ar bhacainní bóthair. Sampla féideartha den chineál sin is ea cásanna ina bhfuil caolais



1. Gluaiseann an trácht ar aghaidh mar is gnáth.



2. Agus an bus ag druidim leis, athraíonn an comhartha soilse d'fhonn stop a chur leis an trácht ginearálta.



3. Tabharfar tús áite don bhus le dul ar aghaidh.



4. A luaithe a fhágann an bus an t-acomhal, is féidir leis an trácht ginearálta dul ar aghaidh.

ag bóthar mar a n-éiríonn sé níos cúinge mar gheall ar fhoirgnimh nó struchtúir ann nach bhfuil cead iad a leagan chun an bóthar a leathnú a dhóthain le haghaidh spás do lána bus.

Oibríonn sé faoi rialú soilse tráchta (ag acomhail de ghnáth) mar a gcaitheann an lána bus agus an lána gnáth-thráchta teacht le chéile agus an bóthar a chomhroinnt ar feadh achar gearr go dtí go mbeidh lána bus ann arís níos faide siar an bóthar. Stopfar an gnáth-thrácht ag na soilse tráchta chun cead a thabhairt don bhus dul ar aghaidh ar an stráice cúng ar dtús. Ansin, nuair a bheidh an bus imithe ar aghaidh, ceadófar don ghnáth-thrácht dul ar aghaidh ag na soilse tráchta.

## 7. Trasrian Túcánach:

Is é is Trasrian Túcánach ann ná trasrian bóthair a dearadh chun cur le cumas coisithe agus rothaithe araon dul trasna an bhóthair trí úsáid a bhaint as soilse tráchta a dearadh go speisialta chuige sin.

## 8. Socrú Sráide Ciúine:

Nuair nach bhfuil bóithre STC leathan a ndóthain in áiteanna chun freastal ar rothaithe gan tionchar suntasach a bheith acu ar thosaíocht do bhusanna, déantar iniúchadh ar bhealaí malartacha rothaíochta le haghaidh achair gearra sula mbuaileann siad leis an mbealach bus STC arís. Is féidir go n-áireofar le roghanna as líne den sórt sin rothaithe a threorú feadh sráideanna nach bhfuil ach beagáinín tráchta ghinearálta orthu, seachas na húsáideoirí cairr a chónaíonn ar na sráideanna sin.

Tugtar Sráideanna Ciúine orthu mar gheall ar an méid íseal de ghnáth-thrácht a bhíonn orthu agus meastar iad a bheith oiriúnach do rothaithe agus don ghnáth-thrácht araon, gan aon ghá le raonta rothar scartha ná le lánaí péinteáilte rothar a thógáil. Is éard a bheadh i gceist leis an Socrú Sráide Ciúine ná comharthaí comhairleacha cuí d'úsáideoirí bóithre ginearálta agus do rothaithe araon.

## 9. Ríocht Uirbeach:

Tagraíonn Ríocht Uirbeach do na spásanna laethúla sráide a mbaineann daoine úsáid astu agus iad á dtrasnú, ag siopadóireacht, ar ócáidí sóisialta, nó ag spraoi, agus le haghaidh gníomhaíochtaí amhail siúl, aclaíocht, nó taisteal chun na hoibre/nó ón obair. Cuimsíonn an Ríocht Uirbeach gach sráid, cearnóg acomhal, agus bóthar eile lena mbaineann ceart bealaigh, is cuma más úsáid chónaithe, tráchtála nó chathartha a mbaintear astu. Nuair a dhéantar é a dhearadh agus a leagan amach go cúramach i suíomh pobail, cuireann sé go mór le saol laethúil na n-áitritheoirí agus na ndaoine a bhíonn ag taisteal thar bráid. Baineann sé le codanna den timpeallacht thógtha atá amuigh faoin aer de ghnáth, áit a mbíonn rochtain saor in aisce ag an bpobal. Bheadh suíocháin, crainn, plandú, agus gnéithe eile i gceist leis a chuirfeadh go mór le heispéireas na ndaoine ar fad.






# 1.8
# 11 Conairí Iompair Inbhuanaithe

- **A** Dún Citil go dtí an Chathair
- **B** Baile na mBocht go dtí an Chathair
- **C** An Linn Dubh go dtí an Chathair
- **D** Cnoc an Chuilinn go dtí an Chathair
- **E** Baile an Chollaigh go dtí an Chathair
- **F** Baile an Easpaig go dtí an Chathair
- **G** An Tóchar go dtí an Chathair
- **H** Bóthar an Aerfoirt go dtí an Chathair
- **I** Cnoc Maryborough go dtí an Chathair
- **J** Machain go dtí an Chathair
- **K** Bóthar Chionn tSáile go Dúglas

Conair Iompair Inbhuanaithe

Saoráidí Malartacha Rothaíochta


AN BHLARNA
TEAMHAIR
CLOCH REO
GLEANN MAGHAIR
SRUTHÁN NA SAILEACH
FEARANN
CNOC BHAILE ÁTHA CLIATH
BAILE UÍ MHAOLÁIN
BAILE NA MBOCHT
AN LINN DUBH
CNOC NA HAOINE
PÁIRC NA HEAGLAISE
CNOC AN CHUILINN
LÁR NA CATHRACH
MONTENOTTE
AN SEANDÚN
GARRÁN NA MBRÁTHAR
DEARGMHOIN
CEANTAR NA NDUGAÍ
CARRAIG RUACHÁIN
BAILE AN TEAMPAILL
AN DÚCHARRAIG
MACHAIN
AN SRÁIDBHAILE THIAR
LOCH CHLAIS AN GHAINIMH
BAILE AN CHOLLAIGH
AN LOCH
BAILE FÉITHEAN
BAILE AN LOCHA
WILTON
DÚGLAS
BAILE AN EASPAIG
AN TÓCHAR
ARD AN RÓISTIGH
BAILE AN RÓISTIGH
GORT PHROINSIAS
AN GHRÁINSEACH
MARYBOROUGH
AN GARRAÍ DUBH
LEHENAGHMORE
DOMHNACH BROC
MUINE GUAIRNE
N20
N22
N8
N40
N27
N71
N28
R639
Lee Road
Carrigrohane
Model Farm Rd
Curraheen
Waterfall
S Ring Rd
Grange Rd
Rochestown Rd
Maryborough Hill
Carrigaline Rd
Old Mallow Rd
Commons Rd
Upper Dublin Hill
Ballyhooly Rd
Lower Glanmire
Elm Hill
Douglas Hill
Airport
Kinsale
A
B
C
D
E
F
G
H
I
J
K

# 2. Cad atá ag tarlú le roinnt míonna anuas?

Leanadh ar aghaidh le hobair dheartha shuntasach ón mbabhta deireanach comhairliúcháin. Airítear leis an obair seo na nithe seo leanas:

## 2.1 Dearadh Teicniúil

Tá dul chun cinn déanta ar dhearaí agus rinneadh mionchoigeartú breise ar ghnéithe de gach conair amhail acomhail, ailíniú, stadanna bus, áiseanna rothaíochta agus siúil, agus gnéithe den ríocht uirbeach. Tá teagmháil á déanamh le páirtithe leasmhara ar bhonn leanúnach, lena n-áirítear teagmháil leis na sealbhóirí tí aonair sin a d'fhéadfadh a bheith thíos leis. Bhí agus tá aiseolas ó rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara chomh maith le suirbhéanna mionsonraithe breise mar bhonn eolais faoin dearadh a bhfuil forbairt á déanamh air fós.

## 2.2 Iarratas ar Thoiliú Reachtúil

Beidh an ÚNI ag ullmhú na nithe seo a leanas mar chuid den Iarratas beartaithe ar Thoiliú Reachtúil do gach Conair Iompair Inbhuanaithe: Tuarascáil Scagthástála ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta, Tuarascáil Scagthástála ar Mheasúnacht Chuí (MC), Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (TMTT), agus nuair is gá, Ráiteas Tionchair Natura (RTN) de réir reachtaíocht, treoirlínte agus dea-chleachtas reatha na hÉireann agus na hEorpa. Tá na scagthástálacha agus na measúnuithe seo á ndéanamh ag speisialtóirí timpeallachta a ceapadh le déanaí chun oibriú ar an tionscadal thar ceann an ÚNI. Beidh na doiciméid ón Tuarascáil Measúnaithe Tionchair ar an gComhshaol agus ón MC mar chuid shuntasach den iarratas foirmiúil reachtúil chuig an mBord Pleanála agus beidh siad ar fáil nuair a chuirfear faoi bhráid an Bhoird iad, mar chuid den chomhairliúchán poiblí reachtúil.

## 2.3 Suirbhéanna Tráchta

Rinneadh sraith chuimsitheach de shuirbhéanna tráchta ar fud na Cathrach, chun eolas cothrom le dáta faoi líon feithiclí agus eolas eile faoi úsáideoirí bóithre a chur ar fáil. Bainfear úsáid as an eolas seo, in éineacht le foinsí eolais éagsúla eile, chun mionchoigeartú agus calabrú a dhéanamh ar an ionsamhlú ar ríomhaire den tsamhail iompair a forbraíodh do Mhórcheantar Chorcaí.

Bainfidh an fhoireann deartha úsáid as eolas tuartha ón tsamhail iompair chun gnéithe éagsúla de na conairí a fhorbairt agus chun measúnú a dhéanamh ar na tionchair a ndéanfar tuairisciú orthu i ndoiciméid TMTT.

Ullmhófar sraith iomlán de shamhlacha iompair chun tacú leis an TMTT do gach Conair Iompair Inbhuanaithe (mar a thuairiscítear thuas), ach ar dtús rinneadh réamhshamhaltú tráchta chun léargas ardleibhéil a fháil ar na hiarmhairtí tráchta a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar na Conairí Iompair Inbhuanaithe atá beartaithe. Tugann an tsamhail seo léiriú ar scála na n-athruithe ar an sruth tráchta feadh sráideanna ar fud na cathrach. Déantar cur síos ar fhorbairt agus ar aschuir na samhla seo sa Réamhthuarascáil um Shamhaltú Iompair

a foilsíodh mar chuid den tríú babhta seo de chomhairliúchán poiblí. Is féidir breathnú ar an Réamhthuarascáil um Shamhaltú ar shuíomh gréasáin BusConnects – **www.busconnects.ie** agus is féidir í a íoslódáil ón suíomh sin.

## 2.4 Ríocht Uirbeach

Maidir leis an obair deartha theicniúil a bhain le hailíniú bóithre sna limistéir uirbeacha feadh na gconairí iompair inbhuanaithe, rinneadh dul chun cinn maidir leis an obair sin a thabhairt chun críche agus rinneadh dul chun cinn freisin maidir le mionchoigeartú a dhéanamh ar na tograí deartha don Ríocht Uirbeach. Tá na dearaí seo á bhforbairt i gcomhairle leis an údarás áitiúil chun a chinntiú go bhfuil siad ag teacht le scéimeanna agus tionscnaimh atá ann cheana féin.

Tá deiseanna feabhsúcháin don Ríocht Uirbeach scaipthe amach feadh na gconairí agus braitheann siad ar an suíomh ar leith agus an comhthéacs áitiúil. Agus spásanna uirbeacha á ndearadh againn, úsáidfimid ábhair chuí agus troscán uirbeach cuí chun a chinntiú go gcloítear le caighdeáin úsáide, mharthanachta agus chothabhála agus go bhfuil siad inbhuanaithe freisin.



## 2.5 Amlíne

### 2022

### RANNPHÁIRTÍOCHT

**Plé a rinneadh ar an mBealach Tosaíochta atá ag Teacht Chun Cinn R2/R3**

Plé a rinneadh ar Thograí maidir leis an mBealach Tosaíochta atá ag Teacht Chun Cinn.

### 2023

**Tuilleadh Plé ar an mBealach Tosaíochta**

Dréacht-Bhealach Tosaíochta a Ullmhú in R1/R2. Tar éis an t-aiseolas arna fháil a chur san áireamh, foilseofar Bealaí Roghnaithe le haghaidh na gConairí Iompair Inbhuanaithe – tréimhse 2 mhí de chomhairliúchán poiblí.

- Babhta eile comhairliúchán maidir le Bealach Tosaíochta R4

### 2023-2025

### PRÓISEAS REACHTÚIL

**Iarratas Reachtúil a Ullmhú**

- Dearadh Innealtóireachta a Fheabhsú
- Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta a Ullmhú
- Ceanglais réadmhaoine a shainiú agus Ordú Ceannaigh Éigeantaigh a ullmhú

## 2024-2026

### Iarratais chuig an mBord Pleanála

- Iarratais a chur faoi bhráid an Bhoird Pleanála ar an Scéim Bheartaithe a cheadú agus ar an Ordú Ceannaigh Éigeantaigh gaolmhar a dheimhniú
- Comhairliúchán Reachtúil de réir na gceanglas reachtach
- Pléití an Bhoird Pleanála, lena n-áirítear Éisteacht ó Bhéal nuair is gá
- Féadfaidh an Bord Pleanála:
  1. An Scéim Bheartaithe a cheadú fara nó d'éagmais modhnuithe agus faoi réir cibé coinníollacha timpeallachta is cuí leis, nó diúltú don Scéim Bheartaithe a cheadú; agus
  2. an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh nó aon chuid de a dheimhniú fara nó d'éagmais coinníollacha nó modhnuithe, nó an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh nó aon chuid de a chur ar neamhní.

## 2026-2030

### CEANNACH & TÓGÁIL

**Cuirfear Tús le Tógáil ar Bhonn Céimnithe – Seans go mbeidh suas le 2 bhliain ag teastáil chun gach uasghrádú conaire a chur i gcrích**

# 3. Conas is féidir páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán poiblí

Tugtar sonraí sa bhróisiúr seo faoin Rogha Bealaigh Tosaíochta (RBT) atá beartaithe don Chonair Iompair Inbhuanaithe seo. Reáchtálfar an tríú babhta de chomhairliúchán poiblí neamhreachtúil maidir leis na moltaí seo, ansin déanfar mionchoigeartú ar an dearadh agus déanfar measúnacht tionchair comhshaoil, agus ina dhiaidh sin uile, déanfaidh an ÚNI iarratas reachtúil foirmiúil chuig an mBord Pleanála lena cheadú.

## 3.1 Ceisteanna ginearálta

Tá rannán ar leith a bhaineann le gné na Conaire Iompair Inbhuanaithe de chlár BusConnects Chorcaí ar fáil ar shuíomh gréasáin an tionscadail **www.busconnects.ie**. Tá gach bróisiúr a foilsíodh roimhe seo maidir le Bealach Tosaíochta atá ag Teacht Chun Cinn (BTTCC) chomh maith leis na bróisiúir ón dara babhta de chomhairliúchán ar fáil ar an suíomh gréasáin.

Is féidir le húsáideoirí cuairt a thabhairt ar an suíomh chun tuilleadh eolais a fháil faoin tionscadal agus cóipeanna de na príomhdhoiciméid a íoslódáil.

**Is féidir ceisteanna ginearálta a chur ar:**

Líne Shaorghlao thiomnaithe
**1800 303 653**

nó trí ríomhphost a sheoladh chuig
**corkstc@busconnects.ie**

## 3.2 Conas is féidir ionchur a thabhairt

Táimid ag lorg aighneachtaí maidir leis na Roghanna Bealaigh Tosaíochta atá leagtha amach sa doiciméad seo. Tá an dáta deiridh le haghaidh aighneachtaí a chur isteach ar fáil ar an suíomh gréasáin.

**Is féidir aighneachtaí i scríbhinn a chur isteach agus tuairimí a thabhairt faoi**

Cliceáil ar an rannán "Comhairliúchán Poiblí" atá ar fáil ar an leathanach dár suíomh gréasáin a bhaineann le Conairí Iompair Inbhuanaithe:
**https://consult.nationaltransport.ie**

Post:
**Tionscadal na gConairí Iompair Inbhuanaithe**
**Oifig Chorcaí an ÚNI, Svuít 427, 1 Cé Uí Argáin**
**Waterfront Square, Corcaigh, T23 PPT8**



## 3.3 Cad a tharlóidh anois?

Nuair a bheidh an tríú babhta de chomhairliúchán poiblí thart, cuirfidh an ÚNI bailchríoch ar na Roghanna Bealaigh Tosaíochta do gach ceann den aon chonair déag. Déanfar níos mó forbartha ar dhearaí na scéime agus ullmhófar iarratais toilithe reachtaíochta don Bhord Pleanála, lena n-áirítear iompar agus measúnachtaí tionchair comhshaoil.  Ar mhaithe le próiseas toilithe reachtaíochta, féadfar roinnt chonairí a chur isteach in aon iarratas amháin . Nuair a bheidh an obair fhorbartha déanta ullmhófar Tuarascáil Measúnachta Tionchair Comhshaoil do na scéimeanna le chéile mar aon le sonraí faoin talamh ar a bhfuil siad chun seilbh a fháil orthu. Cuirfear na hiarratais seo faoi bhráid an Bhoird Pleanála in 2024/2025 lena bhreithniú agus lena chinneadh. Beidh próiseas comhairliúcháin reachtúil foirmiúil mar chuid den phróiseas sin.

# 4. Cur Síos ar an mBealach Tosaíochta

## 4.1 Forléargas

Téann Conair Iompair Inbhuanaithe Mhachan go dtí an Chathair (STC J) i dtreo na cathrach ó dhá phointe tosaigh éagsúla. Tosaíonn an chéad cheann dá dhá chúl ar Oileán Iacóib agus téann sí isteach (i dtreo na cathrach) ar Bhóthar Ceangail Loch Machan (R852) chomh fada leis an acomhal le Bóthar na Sceiche Airde.

Tosaíonn an dara cúl ag Ionad Siopadóireachta Rinn Mhachan agus úsáideann sé an rochtain do bhusanna amháin atá ann cheana féin ag an taobh thoir de Chéide Mhichíl. Téann sé feadh Estuary Drive, Bóthar Rinn Mhachain, Ascaill Rennes agus Bóthar na Sceiche Airde ansin chomh fada leis an acomhal le Bóthar Ceangail Loch Mhachan (R852).

Ón bpointe sin (gar don Phríomh-Oifig Staidrimh) tagann an dá chúl le chéile agus leanann an STC isteach go dtí an chathair ar Bhóthar na Sceiche Airde, ar Lána na Reilige agus ar Bhóthar an Bhóithrín Mheánaigh, sula dtéann sé isteach i gConair Iompair Inbhuanaithe H – Aerfort go dtí an Chathair ag an acomhal leis Bóthar Ceangail na Cathrach Theas (N27).

Leanann an rotharbhealach an bealach bus den chuid is mó dá fhad ach imíonn sé ón mbealach bus ag acomhal Bhóthar an Bhóithrín Mheánaigh agus Ascaill Bhaile na Carraige. As seo tá sé beartaithe go n-úsáidfeadh rothaithe sráideanna ciúine Ascaill Bhaile na Carraige, Seanbhóthar na Dúcharraige agus Bhóthar Bhaile na Carraige. Tá droichead nua níos leithne do choisithe agus rothaithe molta chun Bóthar Bhaile na Carraige a cheangal le Bóthar Ibeirneach. Téann an rotharbhealach le Conair Iompair Inbhuanaithe I ar Shráid Anglesea (R610) ansin, chun leanúint ar aghaidh isteach i lár na cathrach.

Míneoidh na hailt seo a leanas gach stráice STC le tuilleadh sonraí, agus aithneoidh sé mór-athbhreithnithe deartha a cuimsíodh sa dearadh ó foilsíodh an Rogha Bealaigh Thosaíochta sa dara Comhairliúchán Poiblí i mí an Mhárta 2023 i leith.

## 4.2 Oileán Iacóib go dtí an Phríomh-Oifig Staidrimh (POS)

Tosaíonn an bealach ag an timpeallán atá ann cheana féin ar Oileán Iacóib. Tá lána bus isteach agus raonta rothar scartha sa dá threo beartaithe ar an mbealach isteach chuig an droichead thar an gCuarbhóthar Theas (N40). Tá dhá dhroichead nua beartaithe, ceann ar an dá thaobh den droichead seo atá chun cheana, chun saoráidí tiomnaithe do rothaithe agus do choisithe a sholáthar. Má dhéantar coisithe a athlonnú ón droichead atá ann cheana cuirfear spás ar fáil trínar féidir lánaí bus a chur ar an droichead atá ann cheana gan líon na lánaí atá ar fáil don trácht a laghdú. Tá lánaí bus agus raonta rothar scartha beartaithe sa dá threo ar Bóthar Ceangail Loch Machan (R852) chomh fada leis an acomhal le Bóthar na Sceiche Airde. Is dócha go dteastóidh leathnú éigin isteach i spásanna glasa ar an dá taobh den bhóthar chun é sin a bhaint amach.

## Feabhsuithe atá beartaithe do Spásanna Uirbeacha agus don Timpeallacht do Choisithe/Rothaithe

| Suíomh | Feabhsuithe atá Beartaithe |
|---|---|
| Droichead Aistrithe Mhachan, thar an gCuarbhóthar Theas (N40) | Dhá dhroichead nua do choisithe agus rothaithe a thógáil ar an dá thaobh den droichead atá ann cheana féin agus uasghrádú a dhéanamh an dá acomhal ar an dá thaobh den droichead chun tosaíocht bus a sholáthar agus chun tús áite a thabhairt do ghluaiseachtaí coisithe agus rothaithe. |
| Oileán Iacóib agus Bóthar Ceangail Loch Machan | Raonta rothar scartha leanúnacha ar an dá thaobh den bhóthar. |
| Acomhal Bhóthar Ceangail Loch Mhachan/Pháirc Mhiondíola Mhachan | An t-acomhal a uasghrádú chun tosaíocht bus a sholáthar agus chun tús áite a thabhairt do dhearadh atá oiriúnach do choisithe agus do rothaithe. Trasrianta díreacha do choisithe a sholáthar ar gach cuid den acomhal agus laghdú ar na faid fanachta. |
| Acomhal Bhóthar na Sceiche Airde/Bóthar Ceangail Loch Machan | An t-acomhal a uasghrádú chun tosaíocht bus a sholáthar agus chun tús áite a thabhairt do dhearadh atá oiriúnach do choisithe agus do rothaithe. |

Chun na feabhsuithe sin ar iompar inbhuanaithe a éascú, tá sé beartaithe go mbeadh tógáil talún ag teastáil ag na neas-suíomhanna seo a leanas:

- Tailte réadmhaoine príobháidí ar Oileán Iacóib;
- Tailte réadmhaoine príobháidí ar Bhóthar Ceangail Loch Machan (R852).

Taispeántar fairsinge tháscach na tógála talún sin ar na líníochtaí a sholáthraítear in Aguisín an bhróisiúir seo.

## 4.3 Ionad Siopadóireachta Rinn Mhachan go dtí an Phríomh-Oifig Staidrimh (POS)

Tosaíonn an stráice sin den bhealach ag Ionad Siopadóireachta Rinn Mhachan, áit a gcruthófaí lúb aontreo ar deiseal do bhusanna agus do thrácht laistigh de charrchlós an ionaid siopadóireachta. Tugtar tosaíocht bus leis sin gan gá le spás nua bóthair. Ceanglaíonn an lúb seo leis an timpeallán ag an taobh thoir de Chéide Mhicíl.

Ar Estuary Drive beartaítear lána bus ó dheas amháin idir Bruach na hAbhann agus Céide Mhichíl, agus lána bus ó thuaidh amháin idir an bealach isteach cúil go Reilig Mhichíl agus Bóthar na Sceiche Airde. De dheasca sin, is féidir le busanna dul thar scuainí tráchta a chruthófaí ar na hacomhail sin agus ní theastaíonn an bóthar ar Estuary Drive a leathnú.

Forluíonn an chonair ansin le "Scéim Rothaíochta Mhachan" ar Bhóthar Rinn Mhachan agus ar Ascaill Rennes. Chomh maith leis na saoráidí rothaíochta atá beartaithe leis an scéim sin tá sé beartaithe geata bus a chur le hAscaill Rennes lena gcuirfí cosc ar a úsáid ag tréthrácht le linn buaicuaireanta agus lena laghdófaí moilleanna ar bhusanna a úsáideann an bóthar. Theastódh an bóthar a leathnú feadh stráice Bhóthar na Sceiche Airde chun lánaí bus agus rothar a sholáthar.

### Feabhsuithe atá beartaithe do Spásanna Uirbeacha agus don Timpeallacht do Choisithe/Rothaithe

| Suíomh | Feabhsuithe atá Beartaithe |
|---|---|
| Ascaill Rennes | Le timpeallacht maolaithe tráchta cuirfear timpeallacht níos sábháilte agus níos tarraingtí ar fáil do choisithe agus do rothaithe. Deis le haghaidh oibreacha feabhsúcháin amhail déanamh áite, tírdhreachtú agus feabhsuithe soghluaisteachta.<br>Dhá stad bus nua |

## 4.4 POS go Bóthar na Sceiche Airde, Lána na Reilige agus Bóthar an Bhóithrín Mheánaigh

Soláthraítear lánaí bus agus lánaí rothar sa dá threo ar Bhóthar na Sceiche Airde agus Lána na Reilige chomh fada leis an acomhal le Bóthar Bhaile an Locha. Chun é sin a bhaint amach, bheadh gá an bóthar a leathnú beagán agus spásanna páirceála ar an tsráid a bhaint.

Ar Lána na Reilige idir Bóthar Bhaile an Locha agus an bealach isteach go Club Gailf Dhá Mhaide Bhaile an Locha beartaítear lána bus sa treo amach amháin, lastuaidh de sin chomh fada leis an acomhal le Bóthar an Bhóithrín Mheánaigh tá lána bus sa treo isteach amháin. Idir acomhal Lána na Reilige agus Plásóg Cheann Cora ar Bhóthar an Bhóithrín Mheánaigh beartaítear lána bus sa treo amach amháin. Ó Phlásóg Cheann Cora go dtí an Bóthar Ceangail Theas ansin beartaítear lána bus isteach amháin, seachas an 170m soir ón acomhal le hAscaill Victoria, áit a soláthraítear lánaí bus isteach agus lánaí bus amach.

Bheadh tógáil talún teoranta ó réadmhaoin phríobháideach ag teastáil le haghaidh stráicí áirithe den bhealach sin. Coinnítear lána amháin i ngach treo don trácht ginearálta agus níl aon srianta nua beartaithe don trácht ginearálta. Críochnaíonn an bealach ag an mBóthar Ceangail Theas áit a gceanglaíonn sé le Conair Iompair Inbhuanaithe H – Aerfort go dtí an Chathair.

Ón acomhal le Bóthar Bhaile an Locha, ar Lána na Reilige agus Bóthar an Bhóithrín Mheánaigh beartaítear raon rothar dhá threo ar an taobh thoir / thuaidh den charrbhealach chomh fada le Páirc Bhaile an Locha. Ó Pháirc Bhaile an Locha ar an taobh thiar, beartaítear raonta rothar ar gach taobh den bhóthar chomh fada le Baile Eabhrac,soláthraítear raon rothar dhá threo arís ansin ar an taobh thuaidh den bhóthar chomh fada le hAscaill Bhaile na Carraige.

Anseo, imíonn an rotharbhealach ón mbealach bus agus go hAscaill Bhaile na Carraige, Seanbhóthar na Dúcharraige agus Bóthar Bhaile na Carraige, ionas nach gcaithfear taisteal feadh an Bhóthair Ceangail Theas i gcás nárbh fhéidir raonta rothar a sholáthar. Thógfaí droichead nua níos leithne do choisithe agus do rothaithe ag dul thar an gCuarbhóthar Theas chun Bóthar Bhaile na Carraige a cheangal le Bóthar Ibeirneach agus dhéanfaí an droichead cúng atá ann faoi láthair a dhíchóimeáil. Tá sé beartaithe trácht ar Bhóthar na Carraige a theorannú do rochtain áitiúil amháin chun timpeallacht níos sábháilte a chruthú do choisithe agus do rothaithe. Téann an rotharbhealach le Conair Iompair Inbhuanaithe I ar Shráid Anglesea, chun leanúint ar aghaidh isteach i lár na cathrach.



## Feabhsuithe atá beartaithe do Spásanna Uirbeacha agus don Timpeallacht do Choisithe/Rothaithe

| Suíomh | Feabhsuithe atá Beartaithe |
|---|---|
| Bóthar na Sceiche Airde, Lána na Reilige agus Bóthar an Bhóithrín Mheánaigh | Stadanna bus agus áiteanna do thrasrianta coisithe arna réasúnú chun rochtain éasca ar stadanna bus agus bealaí feabhsaithe go ginearálta do choisithe a éascú. Uasghrádú a dhéanamh ar thrasrianta coisithe ag acomhail ionas gur féidir le coisithe gach géag a thrasnú i ngluaiseacht amháin. Raonta rothar scartha leanúnacha a sholáthar. |
| Droichead Coise Ibeirneach | Chuirfí droichead nua níos leithne agus níos inrochtana do choisithe agus do rothaithe in ionad dhroichead chúng Ibeirneach atá ann cheana. |
| Bóthar Bhaile na Carraige | An tréthrácht a bhaint ó Bhóthar Bhaile na Carraige chun timpeallacht níos sábháilte a sholáthar do choisithe agus rothaithe. Le feabhsuithe ar an ríocht uirbeach agus ar shoghluaisteacht cruthófar bealach sábháilte, tarraingteach do choisithe agus rothaithe. |
| Bóthar Ibeirneach | Le feabhsuithe ar an ríocht uirbeach agus ar shoghluaisteacht cruthófar bealach sábháilte, tarraingteach do choisithe agus rothaithe. |

Chun na feabhsuithe sin ar iompar inbhuanaithe a éascú, tá sé beartaithe go mbeadh tógáil talún ag teastáil ag na neas-suíomhanna seo a leanas:

- Tailte réadmhaoine príobháidí ar Bhóthar an Bhóithrín Mheánaigh;
- Tailte réadmhaoine príobháidí ar Lána na Reilige; agus
- Tailte réadmhaoine príobháidí ar Bhóthar na Sceiche Airde.

Taispeántar fairsinge tháscach na tógála talún sin ar na líníochtaí a sholáthraítear in Aguisín an bhróisiúir seo.

## 4.5 Príomhathruithe ón mBealach Tosaíochta a foilsíodh i mí an Mhárta 2023

- Tá uasghrádú déanta ar acomhal Lána na Reilige agus Bhóthar an Bhóithrín Mheánaigh
- Beartaítear spásanna páirceála breise ag acomhal Lána na Reilige agus Bóthar an Bhóithrín Mheánaigh chomh maith le Bóthar Bhaile an Locha.
- Tá moladh do spásanna páirceála nua eis-sráide in aice leis an mbealach isteach go Bunscoil Bhaile na Carraige agus tá socruithe páirceála le comhaontú le Cónaitheoirí Flora View.
- Moladh le haghaidh forbairt gheata nua do choisithe agus do rothaithe go dtí ionad siopadóireachta Rinn Mhachan ó Bhóthar Ceangail Loch Machan (R852) mar a léirítear sna líníochtaí atá curtha ar fáil san Aguisín den bhróisiúr seo.

## 4.6 Príomhfhíricí

| | |
|---|---|
| Neas-líon na réadmhaoine a bhféadfadh tionchar a bheith ag an tionscadal seo orthu: | **40** |
| Neas-líon na spásanna páirceála ar an tsráid a bhféadfaí fáil réidh leo: | **216** |
| Neaslíon na gcrann cois bóthair a d'fhéadfaí a leagan: | **74** |
| Fad an bhealaigh, go garbh (km): | **8.4km** |
| Neasfhad an rotharbhealaigh:<br>Isteach<br>Amach | **11.4km**<br>**5.7km**<br>**5.7km** |

# 5. Aguisíní

5.1 Léarscáileanna Innéacs
5.2 Léarscáileanna Bealaigh








TABHAIR FAOI DEARA: Níl sa Bhealach Roghnaithe Éiritheach a léirítear ar na líníochtaí seo a leanas ach léiriú táscach agus tá sé faoi réir athruithe tar éis comhairliúcháin agus mar chuid den phróiseas forbartha dearaidh.


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
SOUTH LINK ROAD
AIRPORT TO CITY SUSTAINABLE TRANSPORT CORRIDOR H
ROCKBORO RD MADE QUIET STREET TO CREATE A ROUTE FOR PEDESTRIAN AND CYCLISTS
NEW SHARED CYCLE AND PEDESTRIAN PATH
ROCKBORO RD CLOSED OFF WITH BOLLARDS
NEW TURNING HEAD
EXISTING NARROW FOOTBRIDGE DISMANTLED AND REPLACED WITH A WIDER AND MORE ACCESSIBLE PEDESTRIAN AND CYCLIST BRIDGE
HIBERNIAN ROAD
Maryborough Hill to City Sustainable Transport Corridor I
PROPOSED SCHEME
SOUTH LINK ROAD
AIRPORT TO CITY SUSTAINABLE TRANSPORT CORRIDOR H
Tie in to Existing
PROPOSED SCHEME
OLD BLACKROCK ROAD
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
N


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
Airport to City Sustainable Transport Corridor H
PROPOSED SCHEME
SOUTH LINK ROAD
BOREENMANNA ROAD
ROCKBORO AVENUE
TOUCAN CROSSING
NEW BUS STOP LOCATION
CASTLEGREINA PARK
BERNADETTE WAY
CLONTYMON LAWN
EXISTING BUS STOP LOCATION TO BE RETAINED
REPLACEMENT PARKING LOCATION TO BE AGREED WITH FLORA VIEW RESIDENTS
Credit Union
Rockboro National School
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
1.8m FOOT-PATH
3.0m BUS LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
1.5m CYCLE TRACK
1.5m CYCLE TRACK
1.8m FOOT-PATH



CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
EXISTING BUS STOP LOCATION TO BE RETAINED
CLONTYMON LAWN
TOUCAN CROSSING
SUN NOOK PARK
GLENANAAR
VICTORIA AVENUE
YORKBORO
EXISTING BUS STOP LOCATION TO BE RETAINED
HAIG GARDENS
JUNCTION TO BE UPGRADED TO PROVIDE BUS PRIORITY AND ENHANCED PEDESTRIAN AND CYCLIST FACILITIES
WALLACE'S AVENUE
BEECHWOOD DRIVE
EXISTING BUS STOP LOCATION TO BE RETAINED
NEW BUS STOP LOCATION
BOREENMANNA ROAD
BEECHCOURT
Ashton Secondary School
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
VARIES FOOT-PATH
VARIES CYCLE TRACK
3.0m BUS LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m BUS LANE
VARIES CYCLE TRACK
VARIES FOOT-PATH


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
Ashton Secondary School
NEW BUS STOP LOCATION
MELROSE
THE OAKS
BOREENMANNA ROAD
BEECHCOURT
DUNMORE LAWN
WILLOW LAWN
NEW BUS STOP LOCATION
TOUCAN CROSSING
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
Our Lady Of Lourdes
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
VARIES FOOT-PATH
VARIES CYCLE TRACK
3.0m BUS LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
VARIES CYCLE TRACK
VARIES FOOT-PATH






The sketch visualisations presented within this brochure reflect the current design stage only and will be subject to refinement following feedback from this public consultation and the subsequent Preliminary Design Stage.


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
BELFIELD ABBEY
CLANRICKARDE ESTATE
BOREENMANNA ROAD
GLENCOO PARK
CHERRY COURT
NEW BUS STOP LOCATIONS
TOUCAN CROSSING
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
VARIES FOOT-PATH
3.0m BUS LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
1.5m CYCLE TRACK
1.5m CYCLE TRACK
VARIES FOOT-PATH


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
TOUCAN CROSSING
CRAB LANE
ELDERWOOD AVENUE
BOREENMANNA ROAD
NEW BUS STOP LOCATIONS
CEANNCORA LAWN
TIR CONNAILL
ORCHARD LANE
GAA Stadium
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
VARIES FOOT-PATH
2.1m CAR PARKING
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m BUS LANE
1.5m CYCLE TRACK
1.5m CYCLE TRACK
VARIES FOOT-PATH






The sketch visualisations presented within this brochure reflect the current design stage only and will be subject to refinement following feedback from this public consultation and the subsequent Preliminary Design Stage.


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
NEW BUS STOP LOCATIONS
EXISTING BUS STOP LOCATION TO BE RETAINED
NEW BUS STOP LOCATIONS
Cork Constitution Football Club
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR


TYPICAL CROSS SECTION
VARIES FOOT-PATH
3.0m BUS LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
1.5m CYCLE TRACK
1.5m CYCLE TRACK
2.0m FOOT-PATH
VARIES GRASS






The sketch visualisations presented within this brochure reflect the current design stage only and will be subject to refinement following feedback from this public consultation and the subsequent Preliminary Design Stage.


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
EXISTING BUS STOP LOCATION TO BE RETAINED
THE VILLAGE GREEN
SILVERDALE ROAD
CHURCHYARD LANE
NEW BUS STOP LOCATIONS
CHERRINGTON
CHURCHYARD LANE
JUNCTION TO BE SIGNALISED TO PROVIDE BUS PRIORITY AND PEDESTRIAN AND CYCLE FACILITIES
BALLINLOUGH ROAD
NEW BUS STOP LOCATIONS
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOT-PATH
1.75m CYCLE TRACK
3.0m BUS LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m BUS LANE
1.75m CYCLE TRACK
2.0m FOOT-PATH


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
RDALE ROAD
THE VILLAGE GREEN
NEW BUS STOP LOCATIONS
EXISTING BUS STOP LOCATION TO BE RETAINED
CHURCHYARD LANE
SKEHARD ROAD
DOUGLAS HALL MEWS
SILVERDALE DRIVE
PARK HILL
EXISTING BUS STOP LOCATION TO BE RETAINED
EXISTING BUS STOP LOCATION TO BE RETAINED
JUNCTION TO BE UPGRADED TO PROVIDE BUS PRIORITY AND ENHANCED PEDESTRIAN AND CYCLIST FACILITIES
JUNCTION TO BE UPGRADED TO PROVIDE BUS PRIORITY AND ENHANCED PEDESTRIAN AND CYCLIST FACILITIES
PROPOSED SCHEME
Tie into existing
N
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
VARIES FOOT-PATH
VARIES CYCLE TRACK
3.0m BUS LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m BUS LANE
VARIES CYCLE TRACK
VARIES FOOT-PATH


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
EXISTING BUS STOP LOCATION TO BE RETAINED
SKEHARD ROAD
EXISTING BUS STOP LOCATION TO BE RETAINED
NEW BUS STOP LOCATION
ASHLEIGH RISE
SKEHARD ROAD
OLD CLIFFE
EXISTING BUS STOP LOCATION TO BE RETAINED
KILBRACK GROVE
KILBRACK LAWN
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
VARIES FOOT-PATH
1.75 CYCLE TRACK
3.0m BUS LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m BUS LANE
1.75 CYCLE TRACK
VARIES FOOT-PATH


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
WOODVALVE ROAD
CHURCH ROAD
SKEHARD ROAD
SKEHARD ROAD
SKEHARD ROAD
CLOVER HILL LANE
CLOVER LAWN
NEW BUS STOP LOCATION
EXISTING BUS STOP LOCATION TO BE RETAINED
JUNCTION TO BE UPGRADED TO PROVIDE BUS PRIORITY AND ENHANCED PEDESTRIAN AND CYCLIST FACILITIES
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
VARIES FOOT-PATH
1.75 CYCLE TRACK
3.0m BUS LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m BUS LANE
1.75 CYCLE TRACK
VARIES FOOT-PATH


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
N
BALLINSHEEN ROAD
SKEHARD ROAD
NEW BUS STOP LOCATION
CLONTARF ESTATE
SKEHARD LAWN
SKEHARD LAWN
EXISTING BUS STOP LOCATION TO BE RETAINED
JUNCTION TO BE UPGRADED TO PROVIDE BUS PRIORITY AND ENHANCED PEDESTRIAN AND CYCLIST FACILITIES
BESSBORO ROAD
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
VARIES FOOT-PATH
1.75 CYCLE TRACK
3.0m BUS LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m BUS LANE
VARIES CYCLE TRACK
VARIES FOOT-PATH


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
Mahon Cycle S
PROPOSED SC
SKEHARD ROAD
NEW BUS STOP LOCATION
EXISTING BUS STOP LOCATION TO BE RETAINED
TOUCAN CROSSING
EXISTING BUS STOP LOCATIONS TO BE RETAINED
R852
BLACKROCK AVENUE
JUNCTION TO BE UPGRADED TO PROVIDE BUS PRIORITY AND ENHANCED PEDESTRIAN AND CYCLIST FACILITIES
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
VARIES FOOT-PATH
1.75 CYCLE TRACK
3.0m BUS LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m BUS LANE
1.75 CYCLE TRACK
VARIES FOOT-PATH



CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
TOUCAN CROSSING
NEW BUS STOP LOCATION
JUNCTION TO BE UPGRADED TO PROVIDE BUS PRIORITY AND ENHANCED PEDESTRIAN AND CYCLIST FACILITIES
SAINT MICHAEL'S DRIVE
R852
R852
EXISTING BUS STOP LOCATION TO BE RETAINED
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
2.0 FOOT-PATH
1.75 CYCLE TRACK
3.0m BUS LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m BUS LANE
1.75 CYCLE TRACK
VARIES FOOT-PATH


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
City Gate Business Park
N
JUNCTION TO BE UPGRADED TO PROVIDE BUS PRIORITY AND ENHANCED PEDESTRIAN AND CYCLIST FACILITIES
R852
R852
TOUCAN CROSSING
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
2.0 FOOT-PATH
1.75 CYCLE TRACK
3.0m BUS LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m BUS LANE
1.75 CYCLE TRACK
2.0 FOOT-PATH


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
POTENTIAL NEW HIGH LEVEL PEDESTRIAN AND CYCLING GATEWAY TO MAHON SHOPPING CENTRE"
TOUCAN CROSSING
EXISTING BUS STOP LOCATIONS TO BE RETAINED
R852
SOUTH RING ROAD
N40
JUNCTION TO BE UPGRADED TO PROVIDE BUS PRIORITY AND ENHANCED PEDESTRIAN AND CYCLIST FACILITIES
MAHON INTERCHANGE BRIDGE
JUNCTION TO BE UPGRADED TO PROVIDE BUS PRIORITY AND ENHANCED PEDESTRIAN AND CYCLIST FACILITIES
TWO NEW PEDESTRIAN AND CYCLIST BRIDGES TO BE CONSTRUCTED EITHER SIDE OF THE EXISTING BRIDGE
L99484
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
VARIES FOOT-PATH
1.75 CYCLE TRACK
3.0m BUS LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
VARIES CENTRAL ISLAND
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m BUS LANE
1.75 CYCLE TRACK
VARIES FOOT-PATH


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
SOUTH RING ROAD
N40
JUNCTION TO BE UPGRADED TO PROVIDE BUS PRIORITY AND ENHANCED PEDESTRIAN AND CYCLIST FACILITIES
MAHON INTERCHANGE BRIDGE
TWO NEW PEDESTRIAN AND CYCLIST BRIDGES TO BE CONSTRUCTED EITHER SIDE OF THE EXISTING BRIDGE
L99484
Tie in to Existing
PROPOSED SCHEME
ZEBRA CROSSING
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
1.8m FOOTPATH
1.75m CYCLE TRACK
3.0m BUS LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
1.75m CYCLE TRACK
1.8m FOOTPATH


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
Telecommunication Complex
Mahon Cycle Scheme
PROPOSED SCHEME
Mahon Cycle Scheme
PROPOSED SCHEME
PROPOSED SCHEME
Mahon Cycle Scheme
AVE DE RENNES
SKEHARD ROAD
NEW BUS STOP LOCATIONS
NEW BUS STOP LOCATION
JUNCTION TO BE SIGNALISED TO PROVIDE BUS PRIORITY AND PEDESTRIAN AND CYCLE FACILITIES
JUNCTION TO BE SIGNALISED TO PROVIDE BUS PRIORITY AND PEDESTRIAN AND CYCLE FACILITIES
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOT-PATH
2.0m CYCLE TRACK
3.0m BUS LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m BUS LANE
2.0m CYCLE TRACK
2.0m FOOT-PATH


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
MAHON DR
AVE DE RENNES
PROPOSED BUS GATE. NO THROUGH TRAFFIC EXCEPT BUSES, TAXIS AND BICYCLES OPERATIONAL DURING PEAK HOURS ONLY
CONSULTATION WITH CORK CITY COUNCIL IS ONGOING WITH REGARDS TO TIE-IN WITH SECTION 38 MAHON CYCLE SCHEME UNDER THE ROAD TRAFFIC ACT 1994
THE MAHON CYCLE SCHEME
Mahon Cycle Scheme
PROPOSED SCHEME
LAKELAND CRES
PROPOSED RIGHT TURN BAN DURING PEAK HOURS
Nursing Home
Community Centre
GS Stn
Primary School
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
Ringmahon House
Swimming Pool
RINGMAHON RD
RINGMAHON RD
THE MAHON CYCLE SCHEME
N
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY
(POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
RINGMAHON RD
RINGMAHON RD
THE MAHON CYCLE SCHEME
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
RINGMAHON RD
Mahon Cycle Scheme
PROPOSED SCHEME
JUNCTION TO BE SIGNALISED TO PROVIDE BUS PRIORITY AND PEDESTRIAN FACILITIES
ESTUARY DR
ESTUARY DR
SKEHARD RD
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
VARIES FOOT-PATH
VARIES GRASS
3.0m BUS LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
VARIES GRASS
VARIES FOOT-PATH


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
ESTUARY DR
EXISTING BUS STOP LOCATIONS TO BE RETAINED
TOUCAN CROSSING
MEELAGH VIEW
MEELAGH DRIVE
ST MICHAEL'S DR
PROPOSED AHEAD ENTRY BAN
ZEBRA CROSSING
NEW ONE-WAY SYSTEM FOR TRAFFIC WITHIN MAHON POINT SHOPPING CENTER
ZEBRA CROSSING
EXISTING BUS GATE RETAINED
PEDESTRIAN CROSSING
EXISTING BUS STOP LOCATION TO BE RETAINED
ZEBRA CROSSING
PROPOSED LEFT TURN BAN
ZEBRA CROSSING
Mahon Point Shopping Centre
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)


TYPICAL CROSS SECTION
VARIES FOOT-PATH
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m BUS LANE
VARIES FOOT-PATH

NTA

Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

Údarás Náisúnta Iompair
Dún Scéine,
Lána Fhearchair,
Baile Átha Cliath,
D02 WT20

Oifig Chorcaí an ÚNI,
Svuít 427
1 Cé Uí Argáin, Cearnóg Éadan le hUisce,
Corcaigh
T23 PPT8

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Tionscadal Éirean
Project Ireland
2040